Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8969/25**

**UEM 150**
***ECB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Christine LAGARDE, Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh |
| dáta a fuarthas: | 15 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thomas WESTPHAL, Ard-Stiúrthóir, Comhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | MOLADH ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Hrvatska narodna banka (ECB/2025/15) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Moladh ón mBanc Ceannais Eorpach BCE/2025/15.

AN BANC CEANNAIS EORPACH

AN tEUROCHÓRAS

**MOLADH ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**
**an 12 Bealtaine 2025**
**do Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Hrvatska narodna banka**
**(BCE/2025/15)**

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha Hrvatska narodna banka, KPMG Croatia d.o.o., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2024. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2025.

(3) Tá Ernst & Young d.o.o roghnaithe ag Hrvatska narodna banka mar iniúchóirí seachtracha air do na blianta airgeadais 2025 go 2027,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar Ernst & Young d.o. a cheapadh mar iniúchóirí seachtracha Hrvatska narodna banka do na blianta airgeadais 2025 go 2027.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 12 Bealtaine 2025.

*Uachtarán BCE*

Christine LAGARDE